

Scríobh me chugat i mí an Mheithimh ag lorg do chabhair le suirbhé gairid chun tástáil a dhéanamh ar cheisteanna nua a d'fheadfadh a bheith i nDaonáireamh 2021. Tá an suirbhé á chur i gcrích ag Ipsos MORI ar son na Gníomhaireachta Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (NISRA).

Más rud é gur fhreagair tú cheana féin, gabhaim buíochas leat.

Ba mhaith linn cluinsint ó oiread daoine agus is féidir

Mura bhfuil an suirbhé críochnaithe agat fós, bheinn buíoch díot dá dtabharfá roinnt beag ama chun cabhrú linn forbairt a dhéanamh ar agus cruth a chur ar an chéad daonáireamh eile. Ba chóir nach dtógfadh an suirbhé níos mó ná cúig bomaite. Níl dualgas ar bith ort páirt a ghlacadh ann.

Tig leat an suirbhé a dhéanamh ar líne nó ar pháipéar

Chun an suirbhé a dhéanamh ar líne, clóscríobh an nasc seo, le do thoil:

<https://ipsos.uk/census-research>

agus cuir isteach do chód uathúil rochtana:

[CÓD_ROCHTANA]

Comhlánaigh an suirbhé a luaithe agus is féidir, le do thoil, roimh meánoíche ar an Luan 14ú Lúnasa.

De rogha air sin, tig leat an ceistneoir páipéir iniata a chomhlánú agus é a sheoladh ar ais chuig Ipsos MORI sa chlúdach litreach saorphoist.

Coinneofar do chuid freagraí faoi rún.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar an taobh eile den leathanach

Iompaigh an leathanach le haghaidh tuilleadh eolais a fháil fán suirbhé, an Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde, agus an daonáireamh.

Go raibh míle maith agat as cabhrú linn.

Is mise le meas,



David Marshall (Dr)
Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (NISRA)

Cé thú féin?

Tá an suirbhé á chur i gcrích ag Ipsos MORI ar son na Gníomhaireachta Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde. Is gníomhaireacht taighde neamhspleách í Ipsos MORI. Tá tuilleach eolais le fáil ar www.ipsos.com/ipsos-mori/en-uk

Tá NISRA freagrach as staitisticí a bhaineann le geilleagar, le daonra agus le sochaí Thuaisceart Éireann, a bhailiú agus a fhoilsiú. Déanann NISRA an daonáireamh i dTuaisceart Éireann gach 10 mbliana fosta. Tig leat breis eolais a fháil ar <https://www.nisra.gov.uk>

Cad chuige a bhfuil iarratas faighte ag mo theaghlach an suirbhé a chomhlánú?

Roghníodh do theaghlach go randamach ó liosta cóid poist i dTuaisceart Éireann le go bhfaighdís iarratas páirt a ghlacadh sa suirbhé.

Caidé atá sa suirbhé?

Cuireann an suirbhé ceisteanna fá dtaobh do theaghlach agus tú féin. Tá muid ag déanamh tástáil ar cheisteanna chun cinnte a dhéanamh de go mbeidh sé chomh furasta agus is féidir ceistneoir Dhaonáireamh 2021 a chomhlánú.

Caidé an daonáireamh?

Déanann an daonáireamh an daonra a chomhaireamh agus bailíonn sé eolas eile fá dtaobh teaghlaigh agus líon tí. Baineann an rialtas láir agus áitiúil úsáid as mar aon le gnóthlachtaí agus carthanachtaí. Is tacaíocht é an t-eolas sin chun cinntí a dhéanamh i dtaobh cistí a leithroinnt, seirbhísí a chur ar fáil and monatóireacht a dhéanamh ar an neamhionannas.

Cé ba chóir an suirbhé a chomhlánú i mo theaghlach?

Tig le duine amháin atá 16 bliain d'aois nó os a chionn an suirbhé a chomhlánú. Más tusa an t-aon duine atá os cionn 16, ba chóir duitse and duitse amháin an suirbhé a chomhlánú.

An mbeidh sibh ábalta mo fhreagraí a fheiceáil?

Ní bheidh. Ní bheidh aon duine ag Ipsos MORI ná ag NISRA ábalta tú a aithint ná feiceáil cén chaoi a d'fhreagair tú na ceisteanna. Cuirfidh Ipsos MORI na freagraí le chéile ó gach duine a d'fhreagair an suirbhé, agus beidh na sonraí gan ainm.

Má tá ceisteanna agat fós, tig leat dul i dteagmháil le Ipsos MORI ar an ríomhphost nó ar an bhfón.

Ríomhphost: censusresearch@ipsos.com

Fón: 0800 819 9031